
# Bord 6a: An Comhpháirt Indéanta de Bhóthair don Réiteach Iompar - 1 of 2


Tionscadal Iompar Cathair na Gaillimhe

## An Rogha Ghlas




Tosaíonn an Rogha Ghlas i tIarthar Bearna ag an R336, téann sé thoir thuaidh ionas go ritheann sé ar an taobh thuaidh de Bhearna agus tríd na baile fearainn seo a leanas: An Chloch Scoilte, Na hAille, An Caorán, Tóin na Brocaí agus Páirc na Sceach. Ansin trasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ionas go bhfuil sé ar an taobh thuaidh de Chaisleán Mhionlaigh. Leanann an Rogha Ghlas thoir thuaidh tríd Mhionlach go Baile an Dúlaigh agus ansin thoir theas tríd Ceapach na Boirne agus Cúil Each sula gceangalíonn sé isteach leis an N6 atá ann cheana féin.


## An Rogha Ghorm




Tosaíonn an Rogha Ghorm ar an imeall thiar de Bhearna ag an R336 agus ritheann sé le taobh an bóthar faoisimh atá comhthreomhar le, agus ó thuaidh den R366. Beidh an togáil don pháirt fuílleach de Bhóthar Faoisimh an Bearna san áireamh mar chuid den Rogha Ghorm. Ón mbóthar faoisimh leanann on Rogha Ghorm thoir thuaidh tríd na baile fearainn seo a leanas: An Chloch Scolite, Na hAille, Mionchluain agus An Daingean. Ansin trasnaíonn sé Abhainn na Gaillimhe ionas go bhfuil sé ar an taobh theas de Chaisleán Mhionlaigh. Uaidh seo leanann an Rogha Ghorm i dtreo thoir go dtí an Cairéal Leacach, áit ina téann an Rogha Ghorm faoi thalamh i dtollán agus tagann sé aníos arís sula dtrasnaíonn sé an N84. Leanann sé soir, tríd an baile fearainn de An Caisleán Gearr agus trasnaíonn sé an N17. I mBaile an Bhriotaigh, téann an Rogha Ghorm faoi thalamh i dtollán gearr sula gceangalíonn sé isteach leis an N6 atá ann cheana féin.

Mar chuid den Rogha Ghorm tá nasc bóthar, an Nasc N59, a cheanglaíonn an N59 agus Bóthar Stiofáin isteach leis an rogha seo.

## An Rogha Dhearg




Tosaíonn an Rogha Dhearg ar an imeall thoir de Bhearna ag an R336 agus téann sé thuaidh i dtreo baile fearainn Na hAille, ansin leanann sé i dtreo thoir chun ceangail isteach le Bóthar Dáileacháin an Iarthair. Leanann an Rogha Dhearg aniar ar Bóthar Dáileacháin an Iarthair go tollán a thosnaíonn i Rathún agus tagann sé aníos arís i An Caisleán Nua. Leanann on Rogha Dhearg slí an N6, ag dul thar Abhainn Na Gaillimhe ag an Dhroichead Quincentenary atá ann cheanna féin. Téann an Rogha Dhearg as líne go hachomair i dTír Oileáin sula gceangalíonn sé isteach leis an N6 atá ann cheana féin i gCúil Each.

**Nóta Séanta:**
Tá na roghanna atá léirithe ina bhfoirm dréacht, d'fhéadfaí athraithe teacht orthu. Is mar thoradh ar mheasúnaithe níos mionchruinne, ar staidéar leanúnach agus ar eolas ón bpobal go ndéanfar athruithe go dtí na roghanna seo.